

# Athbhreithniú ar an Straitéis Iompair do **Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath**

Baile Átha Cliath • An Mhí • Cill Dara • Cill Mhantáin

Páipéar Saincheistean



# Athbhreithniú ar an Straitéis Iompair do Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath



# Athbhreithniú ar an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath

Glacadh an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 go foirmiúil i mí Feabhra 2016.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis sin rannchuidiú le dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath trí ghluaiseacht éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe daoine agus earraí a éascú. I bhfocail eile, is é atá i gceist léi réigiún Bhaile Átha Cliath a dhéanamh ina áit níos fearr do na daoine a chónaíonn agus a oibríonn sa réigiún agus dóibh sin a thugann cuairt air.

Chun an méid sin a dhéanamh, úsáidtear an Straitéis mar chreat le haghaidh bonneagar agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a sholáthar i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Úsáidtear an Straitéis freisin mar bheartas pleanála iompair ar féidir le gníomhaireachtaí eile atá ag plé le pleanáil úsáide talún, le cosaint an chomhshaoil agus le bonneagar amhail tithíocht, uisce agus cumhacht a sholáthar a gcuid tosaíochtaí infheistíochta féin a ailíniú leis.

In éineacht le cláir infheistíochta in earnálacha eile, tá an Straitéis ina comhpháirt rithabhachtach d'fhorbairt Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, a chuimsíonn Contae Bhaile Átha Cliath, Contae na Mí, Contae Chill Dara agus Contae Chill Mhantáin.

Áirítear iad seo a leanas leis na mórtionscadail dá bhforáiltear sa straitéis:

- Luas Traschathrach
- Líne Iarnróid Thollán Pháirc an Fhionnuisce a athoscailt
- Raonta rothar agus glasbhealaí a chur i bhfeidhm go leanúnach i MetroLink
- Clár DART+; agus
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsuithe tosaíochta bus agus i bhfeabhsuithe seirbhísí bus – BusConnects

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) tar éis tosú ar an Straitéis Iompair 2016 - 2035 a athbhreithniú. San athbhreithniú sin, déanfar measúnú ar chur chun feidhme an phlean reatha agus féachfar le straitéis nuashonraithe a ullmhú ina leagfar amach an creat le haghaidh infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus seirbhísí iompair suas go dtí an bhliain 2042.

Ní féidir le haon straitéis iompair a bheith ina doiciméad saorsheasaimh, ar ndóigh. Beidh gach straitéis iompair ina cuid de mhór-raon beartas náisiúnta foriomlán trínar gá tacar aonair cuspóirí foriomlána a bhaint amach. Cé gurb iad gníomhaireachtaí agus údaráis eile stáit, tríd is tríd, a chinneann beartais agus cuspóirí a bhaineann le saincheisteanna amhail úsáid talún, forbairt, dáileadh daonra, infheistíocht, inbhuanaitheacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide, ní mór na beartais agus na cuspóirí sin a léiriú go hiomlán in aon straitéis iompair.

Maidir leis sin, beidh an t-athbhreithniú ar an straitéis iompair uainn ag teacht leis na beartais phleanála spáis agus na cuspóirí pleanála spáis atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach arna glacadh ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus arna tabhairt chun críche i mí Eanáir 2020. Dá réir sin, tá na cuspóirí sin ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040.

Beidh an Straitéis uainn bunaithe freisin ar bheartais náisiúnta i réimse na hinbhuanaitheachta, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht um ghníomhú aeráide agus um fhorbairt ísealcharbóin agus i bpleananna um ghníomhú ar son na haeráide. Cuirfear an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim reatha Covid-19 san áireamh freisin.

Teastaíonn do chabhair uainn anois. Is gá dúinn do thuairimí a fháil ar na nithe ba cheart a bhreithniú le linn an Straitéis nua Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a ullmhú.

## **Cén fáth a bhfuil sé seo á dhéanamh againn?**

Cé gur glacadh an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath go luath sa bhliain 2016, níl aon amhras ann ach gur mór idir an saol inniu agus an saol ceithre bliana ó shin agus go mbíonn sé ag athrú go mear. Mar sin, tugann sé seo deis dúinn na pleananna atá ann cheana a mheasúnú, toimhdí a athscrúdú agus réitigh a athchur in ord tosaíochta.

Cé gur am éiginnte é seo, tá deis againn anois an Straitéis a neartú chun go mbeidh sí oiriúnach don fheidhm go ceann i bhfad.

Maidir leis na beartais agus na tograí a thabharfaimid ar aghaidh, is gá dúinn a chinntiú go mbeidh siad ar na cinn is ábhartha agus go mbeidh siad dírithe ar cháilíocht beatha daoine a bhunathrú chun feabhais trí é a dhéanamh níos éasca dóibh gluaiseacht thart.

Is gá dúinn na nithe seo a leanas a bhreithniú go háirithe:

- Oiriúnú don saol tar éis Covid i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath;
- Gréasán inbhuanaithe iompair a sholáthar a chomhlíonfaidh ceanglais athrú aeráide; agus
- Féachaint ar a bhfuil i ndán dúinn ó thaobh teicneolaíochtaí iompair agus roghanna nua iompair de (e.g. rothair leictreacha, scútair leictreacha, etc.).

Ceanglaítear leis an reachtaíocht ar an Údarás an straitéis a athbhreithniú gach sé bliana. Tríd an athbhreithniú seo a thosú anois, beimid in ann na sonraí, an fhaisnéis agus na tuairimí uile ón bpobal agus ó gheallsealbhóirí a bhailiú in am chun an cúram sin a chríochnú faoi thús na bliana 2022.

Foilseoimid dréacht den Straitéis athbhreithnithe uainn an bhliain seo chugainn. Áireofar leis sin mionsonraí faoinár dtograí uile don réigiún, faoi phleananna infheistíochta, faoi réamh-mheastacháin, faoi shamhaltú iompair, etc. Ag an am sin, tabharfaimid cuireadh do dhaoine den phobal an plean a bhreithniú go mion; an plean a mheasúnú bunaithe ar riachtanais iompair amach anseo ar leibhéal réigiúnach, ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal teaghlaigh, fiú; agus aiseolas a thabhairt dúinn ar a bhfuil á mholadh againn ionas gur féidir linn a fháil amach cé acu atáimid nó nach bhfuilimid ar an mbóthar ceart i dtreo Baile Átha Cliath a dhéanamh ina áit níos fearr chun cónaí agus obair inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi.

Is é an t-aon aidhm amháin atá againn faoi láthair, áfach, ná léargas ginearálta a fháil ar na tosaíochtaí atá ag daoine i ndáil leis an iompar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

- Cé na nithe ar cheart dúinn féachaint orthu ar dtús le linn dúinn obair ar an bplean seo?
- Conas ba cheart dúinn meastóireacht a dhéanamh ar riachtanais iompair amach anseo?
- Cé na príomh-chomhpháirteanna de straitéis réamhbhreathnaitheach iompair?
- Cén chuma a bheidh ar an réigiún seo amach anseo, dar leat?

## Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise Iompair

Ó glacadh an Straitéis Iompair sa bhliain 2016, tá an tÚdarás ag obair go crua leis na Comhairlí, le gníomhaireachtaí eile soláthar iompair agus le hoibritheoirí iompair chun na tionscadail agus na tograí lena mbaineann a fhorbairt. Seo a leanas roinnt de na buaicphointí a tháinig as an obair a rinneadh sna ceithre bliana seo a chuaigh thart:

### Siúl agus Rothaíocht



- › D'infheistíomar na milliúin euro i mbealaí siúil agus rothaíochta ar fud Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ón mbliain 2016 amach agus sholáthraíomar infheistíocht shuntasach bhreise do na modhanna sin faoi chlár Covid-19 agus Spreagtha sa bhliain 2020.
- › I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích tá an rotharbhealach nua feadh aghaidh na farraige i gCluain Tarbh, an bealach coisithe/rothaíochta easbhóthair idir Baile Dúill agus Port Mearnóg, Glasbhealach na Canálach Ríoga idir Bóthar na Trá Thuaidh agus na Dugthailte, agus cuid mhór scéimeanna suntasacha eile.

## Bus



- › Chuireamar tús leis an gclár infheistíochta is mó riamh i ngréasán bus Bhaile Átha Cliath – BusConnects. Soláthrófar tosaíocht iomlán bus ar na príomh chonairí agus cuirfear feabhas suntasach ar an ngréasán seirbhísí mar thoradh ar an gclár sin.
- › D'infheistigh an tÚdarás go trom sa bhonneagar bus a athnuachan, lenar áiríodh saoráidí stad bus, Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus feabhsuithe ar an bhflít.
- › Ón mbliain 2016 amach, cuireadh 180 bus eile leis an bhflít lena soláthraítear seirbhísí bus fóirdheonaithe i réigiún Bhaile Átha Cliath.
- › Infheistíodh i seirbhísí tuaithe Nasc Áitiúil, go háirithe i gCill Dara, ar an Mí, i gCill Mhantáin agus i bhFine Gall.

## Iarnród



- › I gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, d'osclaíomar Luas Traschathrach i mí na Nollag 2017, rud lena nasctar an Líne Dhearg agus an Líne Ghlas lena chéile agus lena soláthraítear cómhálartú idir seirbhísí iarnróid chomaitéara agus seirbhísí Luas i nDroichead Broome.
- › I gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, méadaíodh fad na dtramanna ar an Líne Ghlas agus méid an fhlít fhoriomláin tramanna araon mar chuid den tionscadal um acmhainn Luas a bhreisiú. Faoi thús na bliana seo chugainn, beidh tramanna atá 55 mhéadar ar fad déanta de na tramanna uile atá ann cheana ar an Líne Ghlas agus beidh an flít foriomlán tramanna méadaithe ó 67 dtram sa bhliain 2016 go 81 tram.
- › Tugadh seirbhísí paisinéara isteach an athuair i dTollán athchóirithe Pháirc an Fhionnuisce i gcomhar le hIarnród Éireann sa bhliain 2016, agus rochtain dhíreach iarnróid ó bhruachbhailte agus bailte oirdheisceart an réigiúin á soláthar go Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- › Tugadh seirbhís 10 nóiméad uile-lae DART isteach ar an ngréasán iarnróid sa bhliain 2018
- › Cuireadh mór-uasghrádú ar chóras comharthaíochta iarnróid lár na cathrach i gcrích sa bhliain 2020, rud lena n-éascaítear méadú suntasach ar an líon traenacha ar féidir leo oibriú i limistéar lár na cathrach, lena n-áirítear méadú 50% ar an líon traenacha ar féidir leo Droichead na Lúblíne atá suite os cionn na Life a thrasnú.

## Bóithre



- › Leanadh leis an nGréasán Straitéiseach Bóithre a fhorbairt i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus modhnuithe agus feabhsuithe sábháilteachta á ndéanamh i ngach contae.
- › Tá an tionscadal um M7 a bhreisiú agus Cómhálartú Bhaile Osbeird críochnaithe anois, rud a chuireann feabhas ar inrochtaineacht idir bóithre náisiúnta agus láithreacha straitéiseacha fostaíochta ar an gconair sin.
- › Cuireadh roinnt mhaith tionscadal eile bóithre réigiúnacha agus áitiúla i gcrích.

## Ar na Bacáin

- › MetroLink – tá an tionscadal seo le dul chuig céim na pleanála i lár na bliana 2021.
- › DART Thiar – tá an tionscadal seo le dul chuig céim na pleanála i lár na bliana 2021.
- › Luas Fhionnghlaise – críochnaíodh comhairliúchán poiblí ar an mBealach Roghnaithe Éiritheach le déanaí agus tá meastóireacht á déanamh ar na haighneachtaí anois sula mbogfar ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile, is é sin céim an deartha.
- › Croíchonairí Bus BusConnects – tá an tionscadal seo le dul chuig céim na pleanála go luath sa bhliain 2021.
- › Gréasán seirbhísí nua BusConnects – tá cur chun feidhme an ghréasáin le tosú i ráithe 1 den bhliain 2021.
- › Gréasán Rothaíochta – tá mórchlár um leathnú rothaíochta ar siúl faoi láthair, rud lena soláthrófar cuid mhór de bhealaí tosaíochta an ghréasáin rothaíochta atá beartaithe.
- › An Flít a Leathnú:
  - › Tá 41 cheann eile de charráistí iarnróid Idirchathrach le soláthar sa bhliain 2022
  - › Tá 280 ceann de bhusanna hibrídeacha dhá stór le soláthar thar na blianta 2020 agus 2021
  - › Tá 600 ceann de charráistí leictreacha/ceallra-leictreacha le soláthar do DART ón mbliain 2024 amach

## Cé na príomhdhúshláin atá i gceist?

Is é a bheith sa dúshlán is mó i réimse na pleanála iompair go deo ná an dúshlán a bhaineann le daoine a ghluaiseacht go héifeachtúil ag na hamanna is gá dóibh taisteal nó a bhíonn siad ag iarraidh taisteal. Tagann athrú le himeacht ama ar na tosca atá taobh thiar den ‘éileamh ar thaisteal’, áfach, agus cruthaítear patrúin dhifriúla dá bharr sin. Is féidir le mórchineálacha tionchair dul i bhfeidhm go suntasach freisin ar na háiteanna a dtaistealaímid chucu agus ar an dóigh a mbainimid na háiteanna sin amach. Seo a leanas roinnt de na príomhdhúshláin a mheasaimid a bheith ann:

## Dúshlán

### An tAthrú Aeráide agus an Comhshaol

De réir mar a leagtar tuilleadh béime ar an inbhuanaitheacht, bogfaidh an t-iompar níos mó agus níos mó i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach sa todhchaí. Is é atá i gceist leis sin ná siúl agus rothaíocht a mhéadú, an t-iompar poiblí a dhéanamh níos tarraingtí ná an carr príobháideach, agus foinsí atá níos inbhuanaithe ná breoslaí iontaise a úsáid ar thramanna, ar thraenacha agus ar bhusanna.

- › An t-iompar poiblí in Éirinn a bhaineann astaíochtaí glan-nialasacha amach.
- › An riachtanas a d’fhéadfadh a bheith ann le hathléimneacht i gcóras iompair Bhaile Átha Cliath ionas gur féidir leis déileáil le tionchar an athraithe aeráide.
- › An ról atá ag an iompar maidir le timpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe a fheabhsú chun go mbeidh siad ina n-áiteanna níos fearr chun cónaí agus obair iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu.
- › Athruithe i bpatrúin taistil de bharr phaindéim Covid.

### Fás agus athrú

Tháinig athrú suntasach ar réigiún Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas agus tá sé tuartha go dtiocfaidh tuilleadh athraithe air sna blianta atá romhainn. Is eol dúinn go mbeidh méadú ann ar an líon daoine a mbeidh cónaí orthu agus a bheidh ag obair sa réigiún sna blianta atá romhainn agus go n-athróidh an dáileadh daonra chun an méid sin a léiriú. Tá sé ríthábhachtach go réamh-mheasfaí na hathruithe sin le linn infheistíocht a dhéanamh san iompar poiblí agus le linn seirbhísí iompair phoiblí a riar amach anseo.

- › An tionchar a bheidh ag an bpróifíl aoise athraitheach ar phleanáil iompair.
- › Na láithreacha ina mbeidh poist, scoileanna agus coláistí lonnaithe agus an dóigh a mbainfidh daoine na láithreacha sin amach.
- › A bhfuil i ndán do mhiondíol ‘atá suite i bhfoirgneamh’ agus an difear a dhéanfaidh sé sin do ghluaiseacht daoine timpeall cathracha agus bailte.

## Sláinte agus Comhionannas

Agus é bunaithe ar an inbhuanaitheacht agus an inrochtaineacht, tá acmhainneacht ag dea-ghréasán iompair athruithe dearfacha a bhrú chun cinn. Is féidir leis é sin a dhéanamh trí rochtain a éascú ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha amhail oideachas agus fostaíocht, go háirithe do dhaoine nach mbeadh in ann leas a bhaint astu ar shlí eile. Is féidir leis tionchar dearfach a imirt ar shláinte agus folláine fhoriomlán na ndaoine agus na bpobal a bhfreastalaíonn sé orthu freisin agus ba cheart an méid sin a chur san áireamh in aon chinntí iompair amach anseo.

- An t-iompar a úsáid chun míbhuntáiste a laghdú laistigh de phobail.
- Inacmhainneacht an iompair phoiblí chun go mbeidh sé fós iontaofa agus úsáideach do theaghlaigh a bhfuil ísealioncam indiúscartha acu.
- An ról atá ag an iompar poiblí maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comaitéireacht ghníomhach a chur chun cinn mar gheall ar na tairbhí a bhaineann sí amach do shláinte daoine agus don chomhshaol.


## An Geilleagar

Is féidir le gréasán iompair phoiblí atá iontaofa, éifeachtúil agus inacmhainne gníomhaíocht eacnamaíoch, poist, infheistíocht agus rathúnas a bhrú chun cinn go mór. Tá deis againn ár dtosaíochtaí iompair a athscrúdú anois chun tairbhí eacnamaíocha uasta a chinntiú do chathracha agus do réigiúin sna blianta atá romhainn. Rachaidh sé sin chun tairbhe do na daoine a chónaíonn sna cathracha agus sna réigiúin sin agus a thugann cuairt orthu. Is féidir le gréasán éifeachtúil iompair phoiblí an méid sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas;

- Nascacht a fheabhsú chun acmhainneacht ár bhfórsa saothair a uasmhéadú.
- Sainaithint a dhéanamh ar an infheistíocht iompair a theastaíonn chun an líon post agus an fhostaíocht a mhéadú.
- Fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh.
- Ár ngréasán iompair a bharrfheabhsú le haghaidh táirgí agus earraí a dháileadh ar mhargaí.
- Laghdú a dhéanamh ar thionchar an phlódaithe tráchta ar an ngeilleagar agus ar oibrithe.

## An Próiseas Straitéise

Tá sé mar aidhm againn an próiseas athbhreithnithe seo a chríochnú faoi dheireadh na bliana 2021 ionas gur féidir leis an Aire Iompair an Straitéis a cheadú go luath sa bhliain 2022. Is amlíne dhocht é sin agus is gá sraith eilimintí a chur i gcrích chun an straitéis nua iompair a fhorbairt.



## Cuir do thuairimí in iúl

Táimid ag Céim 1 den phróiseas atá leagtha amach thuas, agus teastaíonn do chúnamh uainn anois ar mhaithe le treo beartais agus cuspóirí na Straitéise Iompair a fhorbairt. I bhfianaise na srianta reatha de bharr Covid-19, agus ar mhaithe le do shábháilteacht agus d'áisiúlacht, seolfar an chéad bhabhta comhairliúcháin ar líne.

Bheimis buíoch díot dá bhféadfá ár bhfoirm comhairliúcháin ar líne a úsáid chun aiseolas a thabhairt dúinn. Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a chur leis an bhfoirm sin, más gá.

Is féidir an fhaisnéis ar fad a fháil ag **[www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)**. Cabhróidh an t-aiseolas linn

tuairimí na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a léiriú le linn dúinn an Dréacht-Straitéis Iompair a ullmhú:

Tá nasc chuig an bhfoirm Aiseolais le fáil **anseo**.

**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**  
Dún Scéine  
Lána Fhearchair  
Baile Átha Cliath 2

**National Transport Authority**  
Dún Scéine  
Harcourt Lane  
Dublin 2

Tel: +353 1 879 8300

[www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)